



Ag filleadh ar scoil: Treoir don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú: Scoláirí iar-bhunscoile

Tá comhairle phraiticiúil ar fáil sa doiciméad seo do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus scoileanna ag tosú ar sholáthar teagasc agus foghlama aghaidh-ar-aghaidh le scoláirí sa Chúigiú bliain ón Luan 15 Márta 2021 agus le bliainghrúpaí eile ón Luan 12 Aibreán 2021. Ba chóir é a léamh i gcomhar le treoracha a foilsíodh roimhe seo ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú i gcomhthéacs COVID-19 atá ar fáil [anseo](#) agus Treoir don Filleadh ar Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais, atá ar fáil [anseo](#).

De réir mar a fhilléann scoláirí ar scoil, ba chóir do mhúinteoirí:



Am a thabhairt do scoláirí le socrú ar ais ar scoil agus dul i dtaithe ar nósanna imeachta agus ar ghnáthaimh scoile.



A bheith solúbtha maidir le freastal ar riachtanais a thagann chun cinn do scoláirí mar thoradh ar dhúnadh scoileanna.



Atmaisféar socair, suaimhneach a chruthú do scoláirí le teanga dhearfach agus moladh.



Riachtanais foghlama aonair na scoláirí a bhreathnú agus a mheas agus a bheith aireach faoi scoláirí a d'fhéadfadh a bhraith aonraithe nó nach bhfuil socraithe ar ais go maith.

Cuir chuige teagasc agus foghlama

Is iad na scoileanna féin is fearr chun cinntí a dhéanamh agus a mbreithiúnas gairmiúil agus a neamhspleáchas a fheidhmiú maidir le cuir chuige teagasc, foghlama agus measúnaithe de réir mar a bhíonn scoláirí ag filleadh ar scoil.

Nuair a bhíonn obair á phleanáil acu, ba chóir do mhúinteoirí machnamh orthu seo:



Tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí gníomhacha, fiosrúbhunaithe, praiticiúla i gceachtanna le cur ar chumas scoláirí scileanna agus eolas a forbraíodh le linn na tréimhse ciantegaisc, cianfhoghlama agus measúnaithe a léiriú.



Bealaí le scoláirí a spreagadh, a ghríosadh chun foghlama agus tacú le torthaí foghlama dearfacha.



An ró-úsáid as cuir chuige múinteoir-threoraithe agus teagascacha i leith an teagaisc agus na foghlama a sheachaint mar iarracht le 'teacht suas' nó 'am cailte a chlúdach'.



Eispéiris shábháilte chomhoibritheacha foghlama a sholáthar bunaithe ar obair bheirte agus obair ghrúpa chun cur le hidirghníomhaíocht scoláirí, le caidrimh agus rannpháirtíocht phiaraí ionas gur féidir leo foghlaim ó smaointe, dearthaí agus tuairimí daoine eile.



An tslí inar féidir leo leanúint le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú

Measúnú

Tá an measúnú mar dhlúthchuid den phróiseas teagasc agus foghlama agus tá ríthábhacht leis chun bonn eolais a chur faoi phleanáil éifeachtach ar mhaithe leis an bhfoghlaim a chur chun cinn do gach scoláire. Tá sé tábhachtach go mbíonn foireann bainistíochta agus teagasc na scoile san airdeall faoi chuspóir, modhanna agus minicíocht an mheasúnaithe atá beartaithe don chuid eile den bhliain acadúil 2020/21 seo.

Tá sé tábhachtach na nithe seo a leanas a bhreithniú:



Ba chóir don mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí a dhéanamh agus torthaí foghlama na sonraíochtaí a léiriú.



Ba chóir go mbeadh cuspóir soiléir ag baint le gach measúnú ar fhoghlaim scoláirí, go dtiocfadh aiseolas múnlaiteach uaidh agus é a bheith dírithe ar fheabhsú.



Ba chóir rómheasúnú a sheachaint agus ba chóir cothromaíocht chuí a fháil idir measúnú múnlaiteach agus measúnú suimitheach.



Ba chóir cothromaíocht a aimsiú idir líon teoranta measúnuithe breise a eagrú go deireadh an téarma agus an gá atá le dul chun cinn a dhéanamh san fhoghlaim agus clár oibre a chur i gcrích.



Measúnuithe rangbhunaithe: Tá eolas nuashonraithe don Dara agus Tríú bliain agus do L1/L2LP ar fáil ar láithreán gréasáin na [CNCM](#).

Contanam Tacaíochta: Pleanáil do Chách, do Roinnt agus do Bheagán

Ba chóir do mhúinteoirí obair i gcomhpháirt leis an rannóg RSO chun eispéiris foghlama iomchuí a phleanáil lena chinntiú go mbíonn tacaíochtaí idirdhealaithe ann chun freastal ar riachtanais gach scoláire, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Ba chóir don phleanáil:



Díriú ar fhoghlaim scoláirí a chur chun cinn i ndiaidh na tréimhse ciantegaisc agus cianfhoghlama agus ní cóir an iomad ama a chaitheamh ar an athdhéanamh. Déan idirghabháil an churaclaim a thacú i gcomhthéacs a thugann aitheantas do na heispéiris éagsúla a bhí ag scoláirí agus iad ag foghlaim sa bhaile. Tá fáil ar thacaíochtaí praiticiúla agus ar threoir do theagasc an oideachais speisialta ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [anseo](#)



Ag filleadh ar scoil: Treoir don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú: Scoláirí iar-bhunscoile

Teicneolaíochtaí Digiteacha

De réir mar a fhilltear ar scoil is féidir leanúint le scileanna digiteacha a sealbhaíodh mar thoradh ar na heispéiris cianfhoghlama a fhorbairt agus a fheabhsú.

Ba chóir do mhúinteoirí machnamh ar an mbealach is fearr le leanúint leis na hardáin foghlama ar líne a úsáid chun príomhscileanna na timthrialla sóisearaí a thacú agus a leabú.

Agus iad ag pleanáil dá gcuid oibre, ba chóir do mhúinteoirí machnamh maidir le:



Deiseanna a uasmhéadú chun scileanna digiteacha scoláirí a fhorbairt le cur ar a gcumas lánúsáid a bhaint as gnéithe de na hardáin ar líne.



Punanna digiteacha a úsáid chun aiseolas cuiditheach a sholáthar chun an fhoghlaim a fheabhsú.



Leanúint le húsáid na teicneolaíochta digití chun comhpháirtíocht agus cumarsáid idir an scoil, an baile agus an pobal i gcoitinne a thacú.



Taifeadtaí digiteacha d'ábhair foghlama a roinnt lena n-áirítear ceol, filíocht, agallaimh, dréachtaí béil, seimineáir ghréasáin, sleamhnáin.



Na hardáin foghlama ar líne seo a úsáid chun piarmheasúnú agus comhoibriú idir scoláirí a éascú a bhaineann lena gcuid oibre a chruthú, a roinnt agus a phlé.

Timpeallachtaí sábháilte oibre agus foghlama a chur chun cinn

Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a bheith eolach ar Phlean Freagartha COVID-19 leasaithe d'athoscailt shábháilte agus inmharthana scoileanna atá ar fáil anseo. Is féidir le scoileanna an baol tarchuir COVID-19 a laghdú trí: [anseo](#).

Is féidir le scoileanna an baol tarchuir COVID-19 a laghdú trí:



Na rannóga ábhair a spreagadh chun pleanáil go cuí ar mhaithe le timpeallacht oibre shábháilte a chumasú. Tá treoir mhionsonraithe d'ábhair phraiticiúla ar fáil [anseo](#).



Feasacht a chothú ar na prótacail do phearsanra uile na scoile, do scoláirí, do theaghlaigh agus do chuairoteoirí.



Comhairle a chur ar mhúinteoirí agus ar an bhfoireann gan freastal ar scoil agus féin-aonrú mura mbíonn siad ar fónamh nó má aithnítear iad mar dhlúth-theagmhálaí.



A chinntiú go n-uasmhéadaíonn leagan amach na seomraí ranga agus na seomraí foirne an fadú fisiceach.



Pleananna suíocháin a fhorbairt do gach rang-ghrúpa agus na múinteoirí ábhair ag cloí leo seo. Nuair is féidir, ba chóir scoláirí ón rang bunaidh céanna a chur ag suí le chéile.



Tá fáil ar an bPlean Freagartha COVID-19 d'athoscailt shábháilte agus inmharthana Iar-Bhunscoileanna agus Soiléiriú ar úsáid aghaidh chlúdaigh in Iar Bhunscoileanna [anseo](#).

Folláine



Nuair a mheabhraítear an cur isteach a mhothaigh scoláirí na Chéad Bhliana agus an Dara Bliain ina luathbhlianta iar-bhunscoile mar thoradh ar COVID-19, ba chóir do scoileanna fiosrú a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun tacú le folláine na ngrúpaí sin.



Tuigfidh múinteoirí na tionchair mhothúchánacha, fhisiceacha agus shóisialta a leanann do gach scoláire ó COVID-19 agus ba chóir dóibh eispéiris foghlama a phleanáil a chuirfidh ar chumas gach scoláire dul chun cinn a dhéanamh agus rath a bheith orthu don chuid eile den scoilbhliain 2020/21.



Ní sa tslí chéanna a fhreagraíonn daoine óga do dhúshláin, beidh a meicníocht déileála uathúil féin ag gach duine óg, d'fhéadfadh dúshláin bhreise a bheith roimh roinnt scoláirí. Beidh ról ríthábhachtach ag foireann tacaíochta na scoláirí maidir leis na scoláirí seo a aithint agus atreoruithe cuí a dhéanamh.



Ba chóir scoláirí a spreagadh le haird a dhíriú agus céimeanna réamhghníomhacha a ghlacadh chun a bhfolláine choirp, mhothúchánach agus mheabhrach a chur chun cinn.



Ba chóir clár OCG nár críochnaíodh le linn an chiantegaic agus na cianfhoghlama a chríochnú nuair a fhilltear ar scoil. Má bhíonn imní ar scoláirí ó lá go lá, b'fhéidir go mbeidh gá acu le tacaíocht bhreise go gearrthéarmach.



Tá acmhainní folláine ar fáil freisin ón CNCM [anseo](#) agus ón SNSO [anseo](#).